# 02 An Próiseas Chun Iarratas a Chur Isteach Arís de chuid an BCC

**Athraigh an Stair**

| | |
|---|---|
| **Ainm an Doiciméid** | **An Próiseas Chun Iarratas a Chur Isteach Arís de chuid an BCC** |
| **Dáta a Foilsíodh** | **15 Aibreán 2024** |
| **Úinéir an Doiciméid** | **Rúnaíocht an BCC** |

**Rialú an Leagain**

| Dáta Eagarthóireachta | Uimh. an Leagain (tar éis na heagarthóireachta) | Eagarthóir | Cur Síos ar an Athrú e.g. uimhir an leathanaigh/achoimre ar na hathruithe a rinneadh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Tá gach comhfhreagras le cur ar ríomhphost chuig qab@education.gov.ie**

**1. Tréimhsí Bailíochtaithe**

i. Glacann Rúnaíocht an BCC le hiarratais i rith na dtréimhsí seo a leanas:
- An 1ú Meán Fómhair go dtí an 1ú Nollaig
- An 1ú Feabhra go dtí an 30ú Meitheamh

ii. Glacfar le hiarratais lasmuigh den tréimhse ama seo ach ní ghníomhófar orthu go dtí na tréimhsí ama atá luaite in (i) thuas.

**2. Eolas Ginearálta**

i. Cuirfidh rúnaíocht an BCC in iúl do HEIanna nár chomhlíon a n-iarratas tosaigh riachtanais na gCritéar Dámhachtana Gairmiúil agus Treoirlínte (CDGT), mar atá leagtha amach i Nósanna Imeachta an Phróisis Iarratais Tosaigh agus cuirfear fáilte roimh iarratas a chur isteach arís.

ii. Ba chóir go mbeadh bileog chlúdaigh in éineacht leis na hiarratais uile a chuirtear isteach arís ar féidir teacht uirthi anseo

iii. Ní ghlactar le cláir a chuirtear isteach arís ach amháin i rith na dtréimhsí bailíochtaithe atá luaite in 1 thuas.

iv. Níl aon teorainn ar líon na n-iarratas is féidir a chur isteach arís do gach clár.

v. In aon iarratas a chuirtear isteach arís, ní gá don HEI ach eolas ar leith a chur isteach ina dtugtar faoi na fadhbanna a cuireadh in iúl dóibh sa Bhun-Chomhthuarascáil Athbhreithneora

agus san Iarthéacs, má tá ceann ar fáil, ach amháin má bhíonn a mhalairt curtha in iúl ag an Rúnaíocht/na hAthbhreithneoirí.

vi. D'fhéadfadh Rúnaíocht an BCC teagmháil a dhéanamh leis an HEI chun tuilleadh eolais a chur ar fáil taobh amuigh den eolas nach bhfuil curtha ar fáil san iarratas cheana féin. Ní mór an t-eolas seo a chur ar fáil i scríbhinn agus a chur isteach chuig qab@education.gov.ie. Beidh sé mar chuid d'iarratas an HEI.

**3. Próiseas an BCC le hIarratais a Chuirtear Isteach Arís a Fháil**

i. Tabharfar uimhir thagartha d'iarratais a chuirtear isteach arís, agus eiseofar admháil go bhfuarthas an t-iarratas a cuireadh isteach arís, chuig an HEI.

ii. Leithdháiltear fillteán ar iarratais a chuirtear isteach arís ar thiomántán inmheánach sábháilte.

**4. Leithdháileadh Athbhreithneoirí**

i. Tá dhá athbhreithneoir ceaptha ónár bpainéal athbhreithnithe de chuid an BCC. Is féidir teacht ar liosta athbhreithneoirí anseo. Go hiondúil, ceapfar na hathbhreithneoirí céanna a rinne athbhreithniú ar an iarratas tosaigh, má tá siad ar fáil.

ii. Tá athbhreithneoir amháin ceaptha le bheith mar an t-athbhreithneoir i gceannas agus glacann sé/sí an fhreagracht as an tuarascáil deiridh a chur i gcrích agus a eisiúint chuig an BCC.

iii. Leithdháiltear tuairim is **4 seachtaine** ar athbhreithneoirí chun an Chomhthuarascáil Athbhreithneora a chur ar ais chuig rúnaíocht an BCC. Aontaítear an dáta seo leis na hathbhreithneoirí sula scaiptear aon eolas faoin gclár. Is féidir le amlínte éagsúla a bheith ann ag amanna áirithe den bhliain.

iv. Roinnfear aon eolas breise a chuireann an HEI ar fáil faoi 2(vi) leis an athbhreithneoir.

v. Eisítear rúibric athbhreithnithe chuig an dá athbhreithneoir le húsáid go hinmheánach chun tacú lena n-athbhreithniú (agus nach gcuirtear ar ais chuig Rúnaíocht an BCC) agus an Teimpléad na Comhthuarascála Athbhreithneora a chuireann an t-athbhreithneoir i gceannas i gcrích agus a chuirtear ar ais chuig Rúnaíocht an BCC.

vi. Iarrtar ar athbhreithneoirí a rúibric athbhreithnithe le húsáid go hinmheánach a scriosadh agus an próiseas curtha i gcrích, is é sin, nuair atá an próiseas ina iomláine (lena n-áirítear é a chur isteach arís murar moladh dearfach é) curtha i gcrích agus go bhfuil a chinneadh deiridh déanta ag an BCC. Cuirfidh Rúnaíocht an BCC in iúl do na hathbhreithneoirí nuair a éiríonn leis an gclár ionas gur féidir leo na sonraí a bhaineann leis a scriosadh.

vii. Scaiptear iarratas an HEI agus na doiciméid tacaíochta ar ríomhphost ar an mbeirt athbhreitneoirí.

viii. Is féidir le hathbhreithneoirí, ag pointe ar bith den athbhreithniú, dul ar ais go dtí an CBB chun soiléireacht nó eolas breise a lorg maidir le doiciméid an chláir atá curtha ar fáil ag an HEI ina hiarratas.

ix. Rachaidh rúnaíocht an BCC i dteagmháil go díreach leis an HEI maidir le haon fhiosruithe a tháinig chun cinn. Ní bheidh teagmháil dhíreach ag na hathbhreithneoirí leis an HEI agus ní bhíonn a fhios riamh ag na HEIanna cé hiad na hathbhreithneoirí atá ceaptha.

x. Agus í curtha i gcrích, ní mór dáta agus síniú (go leictreonach) a chur ar an gComhthuarascáil Athbhreithneora agus ní mór don athbhreithneoir i gceannas í a chur isteach go dtí rúnaíocht an BCC ar ríomhphost.

xi. Déanann an BCC gach iarracht a bheith chomh tacúil agus is féidir leis na soláthraithe mar go bhfuil forbairt déanta acu ar a gcláir chun na caighdeáin riachtanacha nua a chomhlíonadh. Tá sé i gceist go mbeidh an próiseas faofa ina phróiseas cuiditheach agus tacúil do sholáthraithe an chláir:

xii. Déanfaidh Athbhreithneoirí ráitis chuiditheacha don HEI sa chéad dul síos.

xiii. Má chuireann athbhreithneoirí moltaí ar fáil atá lasmuigh de shainchúram na gCritéar Dámhachtana Gairmiúil agus Treoirlínte, bainfear iad seo agus cuirfear mar iarthéacs iad a thairgfear don HEI, dá mba mhian leo amharc air.

xiv. Cuirfear in iúl don HEI go bhfuil iarthéacs ann nuair a scaiptear cinneadh an BCC orthu agus tabharfar an deis di cóip den iarthéacs a iarraidh. Ní mór iarratas a dhéanamh ar iarthéacs a ghabhann le Comhthuarascáil Athbhreithneora trí ríomhphost a chur ar ais chuig qab@education.gov.ie.

## 5. Faomhadh an Bhoird

i. Nuair atá an Chomhthuarascáil Athbhreithneora curtha ar ais ag na hathbhreithneoirí chuig rúnaíocht an BCC seiceáiltear an tuarascáil go hinmheánach (i.e. don chomhréir & leagan amach le go mbreathnóidh agus go mothóidh sí go bhfuil sí ag teacht le chéile). Ní dhéanfaidh an Rúnaíocht aon athruithe substainteacha ar an gcinneadh a dhéanann an Bheirt Athbhreithneoirí.

ii. Ansin, cuirtear an tuarascáil os comhair an Bhoird lena faomhadh. Is féidir leis seo titim amach ar dhá shlí:
    a. Eisítear an tuarascáil ar ríomhphost le haghaidh cinnidh ag cruinniú Boird pleanáilte.
    b. Eisítear an tuarascáil ar ríomhphost chuig baill uile an Bhoird. Tugtar 7 lá féilire do bhaill an Bhoird chun a gcinneadh a chur ar ais. Measfar gur faomhadh intuigthe ar na hathruithe beartaithe é freagra nialais ó bhaill an Bhoird laistigh den am atá sannta.

iii. Is féidir le baill aonair den Bhord iarratas a dhéanamh chun féachaint ar chóip de na doiciméid atá curtha isteach ag an HEI chun cur lena gcinneadh deiridh. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh Rúnaíocht an BCC cinneadh a dhéanamh doiciméid aighneachta an HEI a eisiúint chuig an mBord le hathbhreithniú a dhéanamh orthu in éineacht leis an Tuarascáil Athbhreithneora. D’fhéadfaí cur leis an am atá curtha ar fáil do bhaill an Bhoird, má iarrtar doiciméid, nó má eisíonn an Rúnaíocht doiciméid.

iv. D’fhéadfadh an Bord cinneadh a dhéanamh glacadh leis an moladh sa Chomhthuarascáil Athbhreithneora nó é a dhiúltú. Is é cinneadh deiridh an Bhoird i dtaca leis an gclár:
    a. gur measadh gur comhlíonadh na riachtanais atá sna Critéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (CDGT)(*PACG*).
    b. gur measadh nár comhlíonadh na riachtanais atá sna Critéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (CDGT)(*PACG*).

iii. Cuirfear dáta chinneadh an BCC isteach sa tuarascáil. Ansin, déanann Rúnaíocht an BCC an tuarascáil a anaithnidiú agus a fhormáidiú i ndoiciméad pdf nach féidir eagarthóireacht a dhéanamh air.

v. Eisítear an Chomhthuarascáil Athbhreithneora agus litir fhoirmiúil ina sonraítear cinneadh an BCC chuig an HEI ar ríomhphost. Má tá Iarthéacs curtha ar fáil ag na hAthbhreithneoirí, cuirfear é seo in iúl don HEI. Má iarrann an HEI féachaint ar iarthéacs cuirfidh Rúnaíocht an BCC é seo ar aghaidh leis féin, ach é a iarraidh, chuig an HEI.

**6. Cláir atá faofa ag an BCC**

i. Má measadh gur chomhlíon cláir riachtanais an CDGT agus má fhaomhann an Bord é ina dhiaidh sin cuirtear an clár isteach i liosta foilsithe an BCC.

ii. Ní fhoilseofar ach na cláir a measadh a bhfuil riachtanais an CDGT comhlíonta acu – nuair a cuireadh iad isteach ar dtús, nuair a cuireadh iad isteach arís, nuair a rinneadh leasú ar an gclár, nuair a rinneadh athbhreithniú ar an gcur chun feidhme nó i rith seiceála bailíochtaithe – ar leathanach gréasáin an BCC. Cuirfear an dáta críochnaithe ar chláir ar tarraingíodh siar faomhadh an BCC ar leathanach gréasáin an BCC.

iii. Cuirfear in iúl don Fhoireann Cáilíochtaí sa RLCMLÓ maidir le haon chláir agus uasdátuithe atá curtha leis an liosta foilsithe.

iv. Tugtar an liosta foilsithe suas chun dáta go rialta tar éis aon athbreithniú a dhéantar ar na cláir fhaofa uile (‘an cleachtadh sonraí’). Déantar an cleachtadh seo ar bhonn débhliantúil lena chinntiú go bhfuil an t-eolas is mó suas chun dáta ag an BCC ar na cláir fhaofa uile. Ní cleachtadh leasaithe cláir é seo atá mar ábhar de phróiseas eile.

**7. Clár nach mbíonn faofa ag an BCC**

i. Maidir le cláir a mheastar nár chomhlíon siad riachtanais an CDGT a chur isteach arís chuig an BCC le bheith faofa. Má roghnaíonn HEI clár a chur isteach arís, ba chóir don institiúid an próiseas leis an gclár a chur isteach arís a leanúint mar atá leagtha amach sa doiciméad seo.

**8. Sonraí a Chomhlíonadh**

Article 5 of the General Data Protection Regulation (GDPR) sets out key principles which lie at the heart of the general data protection regime. The key principals set out in the legislation are as follows: lawfulness, fairness, and transparency, purpose limitation, data minimisation, accuracy, storage limitation, integrity and confidentially and accountability. These key principles are set out at the beginning of the GDPR legislation, and they both directly and indirectly influence the other rules and obligations found throughout the legislation.

Tá an réimse doiciméad seo a leanas ar fáil chun tacú le hobair an BCC lena chinntiú go gcomhlíontar an RGCS agus tá Fógra Príobháideachais an BCC san áireamh. Tá an próiseas lena mbaineann an doiciméad idir lúibíní:

**HEI**

i. Fógra Príobháideachais an BCC

ii. Comhaontú um Chomhroinnt Sonraí idir an BCC agus gach HEI leis na sonraí pearsanta a chomhroinnt [An tIarratas Tosaigh, An Fhoirm Leasaithe Chláir, An Próiseas Athbhreithnithe Chur Chun Feidhme]
iii. Teimpléad C.V. (chun sonraí pearsanta léachtóirí a chomhroinnt) [An tIarratas Tosaigh, An Fhoirm Leasaithe Chláir, An Próiseas Athbhreithnithe Chur Chun Feidhme]
iv. Comhaontú um Próiseáil Sonraí idir an BCC agus an Roinn Oideachais [An tIarratas Tosaigh, An Fhoirm Leasaithe Chláir, An Próiseas Athbhreithnithe Chur Chun Feidhme]

**Athbhreithneoir**

i. Ráiteas Rúndachta atá sínithe gach athbhreithneoir a ceapadh [An tIarratas Tosaigh, An Fhoirm Leasaithe Chláir, An Próiseas Athbhreithnithe Chur Chun Feidhme]
ii. Ráiteas um Choimhlint Leasa atá sínithe gach athbhreithneoir a ceapadh [An tIarratas Tosaigh, An Fhoirm Leasaithe Chláir, An Próiseas Athbhreithnithe Chur Chun Feidhme]

Cinnteoidh Rúnaíocht an BCC go gcomhlánaíonn Athbhreithneoirí/HEIanna na doiciméid agus go gcuireann siad iad ar ais de réir mar is cuí do gach próiseas.